II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/824 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE [1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le mír 3 de Mholadh 21-09 ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú ("ICCAT") [2], cuirtear toirmeasc ar mhácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh, bídís iomlán nó ina gcodanna, arna ngabháil i gcomhar le hiascaigh ICCAT in 2022 agus 2023, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

(2) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir Moladh 21-09 agus dlí an Aontais Eorpaigh, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gabhálacha a thabhairt i dtír i dtaca le soithí de chuid an Aontais a ghabhann mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh mar fhoghabháil.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún [3] a leasú chun forálacha nua a chuimsiú ann lena léireofaí na dálaí iascaireachta a bhunaítear i Moladh 21-09 ó ICCAT.

(4) Ós rud é go spreagtar na Páirtithe Conarthacha le Moladh 21-09 ó ICCAT an gníomh tarmligthe seo a chur chun feidhme sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 17 Meitheamh 2022, agus i bhfianaise thábhacht na bhforálacha sin maidir le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a chaomhnú, ba cheart feidhm a bheith ag an ngníomh tarmligthe seo ón triú lá tar éis lá a fhoilsithe.

(5) Ar na cúiseanna céanna leis sin, ba cheart an gníomh tarmligthe seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

---

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

[2] https://www.iccat.int/Documents/Recs/COMPENDIUM_ACTIVE_ENG.pdf

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 16, 23.1.2015, lch. 23).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an tAirteagal 5b seo a leanas isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98:

"*Airteagal 5b*

De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar mhácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh *(Isurus oxyrinchus*), bídís iomlán nó ina gcodanna, arna ngabháil i gcomhar le hiascaigh ICCAT in 2022 agus 2023, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN